

Gaelscoileanna

“...chun an Ghaelscolaíocht a chur chun cinn, a éascú agus a spreagadh ag an mbunleibhéal agus ag an iarbhunleibhéal ar fud fad na hÉireann.”

Nuachtlitir an Fhómhair 2013

Urraithe ag



Foras na Gaeilge

Nuacht na hEarnála Dréachtbhille Iontráil Scoileanna

Sa dréacht-bhille a foilsíodh ar an 2 Meán Fómhair ar rollacháin scoile do bhunscoileanna agus iarbhunscoileanna, léiríodh dea-thoradh an fheachtais a chuir an eagraíocht móide páirtithe eile sa tsuíl i dtaobh cosaint a thabhairt do theaghligh lán-Ghaeilge a dteastaíonn oideachas lán-Ghaeilge dá gcuid páistí. Toradh suntasach a bhí ann sa mhéid is nach mbeidh bac ar scoileanna lán-Ghaeilge tús áite a thabhairt do theaghligh lán-Ghaeilge, ná nach mbeidh bac ar iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge tús áite a thabhairt do ghaelscoileanna mar scoileanna friothálacha.

Tá ábhar inní ann go fóill áfach do na scoileanna a bhfuil ró-éileamh orthu faoi conas déileáil go sásúil leis an ró-éileamh i mbealach a bheidh cothrom agus a chaomnaíonn sainmheon teanga na scoile. Ní bheidh cead faoin gcóras nua molta agallamh a chur ar thuismitheoirí chun cumas nó meon i leith na teanga a mheas. Dúshlán an-mhór eile atá sonraithe sa dréachtbhille ná nach mbeidh cead tús áite a thabhairt do pháistí a fhreastalaíonn ar naíonra. Aithnítear sa teoiric agus sa chleachtas go bhfuil fíor-thábhacht leis an luath-thumadh sa Ghaeilge sa naíonra mar ullmhúchán don bhunscoil lán-Ghaeilge, agus leagann an-chuid bunscoileanna lán-Ghaeilge an-bhéim ar an eispéireas foghlama seo sa pholasáí rollacháin. Tá GAELSCOILEANNA TEO. an-bhuíoch do gach scoil a thug tacaíocht don bhfeachtas go dtí seo. Scaip an eagraíocht suirbhé ar líne ar scoileanna le déanaí a chabhroidh go mór le hullmhú aighneachta. Beimid go mór faoi chomaoin scoileanna ach é a chomhlánú.

Tá tuilleadh eolas maidir leis
an suirbhé seo ar
www.gaelscoileanna.ie

Ó FHIANAISE ²²⁻²³ Samhain 2013 GO BARR FEABHAIS

Comhdháil Oideachais

GAELSCOILEANNA TEO. & Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta Teo.

Óstán Johnstown House, An Bóthar Bui, Co. na Mí



Gaelscoileanna   Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta Teo.  

www.gaelscoileanna.ie

Clár, foirm réamhchlárúcháin
& gach eolas ar fáil ar
www.gaelscoileanna.ie

Scéalta na mBunscoileanna

Gaelscoil na Giúise



Thuas agus ar chúil: Killian, Jessica, Alex,
chun tosaigh: Shane, Peter, Aobhe

Thall: ó chlé: Jessica, Killian, Aobhe,
Peter, Shane, Alex agus an príomhoide
Fionnuala Ní Riain.

D'oscail Gaelscoil na Giúise a doirse don
chéad uair ar an 29 Lúnasa 2013 le seisear
dalta.

Tá súil againn sár oideachas trí mheán na
Gaeilge a chur ar fáil do pháistí an
cheantair amach anseo agus cultúr láidir
Gaelach a spreagadh i measc muintir na
háite.



Gaelscoil Shliabh Rua

D'oscail Gaelscoil Shliabh Rua don chéad uair
ar an 29ú Lúnasa. Tá ochtar páiste sa scoil
agus beirt mhúinteoir! Bain na páistí an-sult as
an gcéad lá le Múinteoir Conchúr agus le
Múinteoir Leanne. Bhí an lá chomh maith gur
thairfead RTÉ an lá agus cuireadh taighde faoi
ar News2Day! Táimid lonnaithe i gclub Rugbaí
i gCill Tiarnáin faoi láthar ach táimid ag súil
lenár bhfoirgneamh féin a bheith againn go
luath. Fuaireamar ainm na scoile ón Shliabh atá
in aice linn sa Chéim. Thóg muid dathanna na
scoile ó na dathanna do Chontae Átha Cliath.
Roghnáíomar bliain iontach chun na dathanna
sin a phiocadh!

Táimid ag súil go mór le bliain iontach
romhainn. Táimid cinnte go mbeidh an bhliain
lán le spórt, ceol, spraoi agus go mbainfidh na
páistí an-sult as an obair scoile!



**Má tá suim agat cóipeanna den bhileog nua-fhoilsithe ag
GAELSCOILEANNA TEO. 'Tacaíocht do Thuismitheoirí' a ordú,
seol rphost chuig oifig@gaelSCOILEANNA.ie**

Gaelscoil Mhic Aodha

Osclaíodh Gaelscoil Mhic Aodha don chéad uair ar an 29 i Lúnasa. Táimid lonnaithe sa sean Ghairmscoil i lár an bhaile i mBaile Chill Dara. Tá páistí ag teacht chugainn ó cheantair éagsúla timpeall ar Bhaile Chill Dara.

Bhí samhradh an-ghnóthach agam féin agus tuismitheoirí na scoile ag ullmhú d'oscailt na scoile. D'eagraigh na tuismitheoirí an éide scoile álainn atá againn agus rinne said dearadh ar shuaitheantas na scoile. Tá siad iontach cabhrach agus iad sceitimíneach go bhfuil Gaelscoil i mBaile Chill Dara.

Nuair a d'osclaíomar bhí 13 páiste againn agus faoi láthair tá 15 againn. Tá na páistí breá sona sásta agus tá an Ghaeilge ag teacht ar aghaidh go hiontach leis an

líon bheag dalta atá againn. Táim an-dóchasach faoi thodhchaí na scoile.



Bunscoileanna Nua 2014 – gan aon scoil lán-Ghaeilge ina measc

D'fhógair an tAire Oideachais agus Scileanna, Ruairí Quinn T.D., toradh an phróisis cinnte pátrúnachta do bhunscoileanna nua atá le n-oscailt in 2014 ar an 26 Meán Fómhair 2013. Beidh Educate Together mar phátrún ar scoil nua i gceantar Dhumhach Thrá/Na Rinne i mBaile Átha Cliath agus ar scoil i gceantar Chnoc na Cathrach i nGaillimh. Dúirt an tAire go mbreithneofaí ar cheart scoil eile a bhunú do cheantar Chnoc na Cathrach in 2015 faoi phátrúnacht Lifeways Ireland Teo., scoil le sainmheon Steiner. Beidh sé seo bunaithe ar éileamh a bheith ann di nuair a dhéanfar athbhreithniú ar an gceantar don scoilbhliain 2015.

Cé gur fógraíodh go mbeadh scoileanna nua le bunú i mBaile Átha Cliath agus Mainistir na Corann/Carraig Thuathail i gCorcaigh, tá sé beartaithe ag an Aire bunú na scoileanna seo a chur siar, ag feitheamh ar athbhreithniú ar na ceantair seo ag an Roinn.

Tá díomá ar GAELSCOILEANNA TEO. nach bhfuil aon scoil lán-Ghaeilge i measc na scoileanna nua atá le bunú. Tá bunscoileanna

lán-Ghaeilge cheana féin ag freastal ar Sord, Mainistir na Corann/Carraig Thuathail agus Cnoc na Cathrach, cé go bhfuil dúshláin chóiríochta ag na scoileanna i Mainistir na Corann agus Cnoc na Cathrach, rud a pléadh leis an Roinn le linn an tréimhse comhairliúcháin. Níl aon bhunscoil lán-Ghaeilge i gceantar Dhumhach Thrá/Na Rinne i mBaile Átha Cliath, áfach, agus níl na 3 scoil lán-Ghaeilge sa cheantar máguaird in ann freastal ar an éileamh reatha ar oideachas lán-Ghaeilge. Diúltaíodh do bhreis agus 600 iarratas ar áiteanna sna ranganna naíonáin sa 3 scoil don scoilbhliain 2013/14. Rinne Foras Pátrúnachta na Scoileanna lán-Ghaeilge iarratas ar phátrúnacht na scoile nua ach roghnaíodh Educate Together bunaithe ar an líon léiriú suime a fuair an pátrún ó thuismitheoirí an cheantair. Leanfaidh GAELSCOILEANNA TEO. ag plé leis an Roinn maidir leis an ró-éileamh ar an oideachas lán-Ghaeilge sa cheantar seo agus ceantair eile ar fud na tíre, ag éileamh go dtabharfaí sainmheon teanga agus cearta oideachais páistí san áireamh agus an Roinn ag pléail chun cinn maidir le soláthar scoile.

COIRM GAEL LINN 2014

Fógraíodh ionaid agus dátaí do fhéilte COIRM GAEL LINN 2014 le déanaí. Beidh naoi gcinn de fhéilte ar fud na tíre. Tugann COIRM deis do bhunscoileanna seó scoile a chur ar an ardán in amharclanna breátha in atmaisféar neamhiomaíoch. Chomh maith le bheith ar stáitse iad féin feicfidh na páistí seónna ó scoileanna eile agus beidh deis acu spraoi a bheith acu idir sheónna le leithéidí an fear grinn *Giggles* nó na deartháireacha *Fanzini*.

Bronntar gradaim ar sheónna nó ar ghnéithe de sheónna a mbíonn ardchaighdeán ag baint leo. Is féidir seó scoile a dhéanamh i bhfoirm dráma, ceoldráma, scoraíochta, sceitse, cabaret nó eile.

IONAID AGUS DÁTAÍ

- Dé Céadaoin, 12 Feabhra, 2014 - Amharclann an Ionaid Óige, Mainistir Fhear Mai
- Déardaoin, 13 Feabhra, 2014 - Amharclann Naomh Mícheál, Ros Mhic Thriúin
- Dé Céadaoin, 26 Feabhra 2014 - An tÁras Ealaine, An Muileann gCearr
- Dé hAoine, 28 Feabhra, 2014 - An Grianán, Leitir Ceanainn
- Dé Máirt, 4 Márta, 2014 - Siamsa Tíre, Trá Lí
- Dé Máirt, 4 Márta, 2014 - Amharclann an Mhargaidh, Ard Mhacha
- Déardaoin, 6 Márta, 2014 - Amharclann Clasach, Fionnradharc, BÁC
- Dé Máirt, 11 Márta, 2014 - Amharclann an Hawkswell, Sligeach
- Dé Céadaoin/Déardaoin, 12/13 Márta, 2014 - Amharclann na Cathrach, Gaillimh



DÁTA DEIRIDH IONTRÁLA: 16 NOLLAIG 2013

Foirmeacha iontrála ó: Gael Linn, 35 Sráid an Dáma, Baile Átha Cliath 2
01-6753299
seanc@gael-linn.ie

Is féidir freisin foirm iontrála a íoslódáil ar www.gael-linn.ie

Scéalta na nIar-bhunscoileanna & na nAonad

Aitheantas Oifigiúil do Ghaelcholáiste na Mara

Fuair Gaelcholáiste na Mara, an tInbhear Mór dea-scéal ag tús laethanta saoire an tsamhraidh go bhfuil an Roinn Oideachais agus Scileanna Sásta aitheantas Oifigiúil a bhronnadh ar an scoil. Cúis bhróid agus áthais ab ea é seo do phobal na scoile. Thaispeáin an cinneadh seo go raibh an Roinn Oideachais agus Scileanna breá sásta go raibh an scoil ag fás, ag forbairt agus ag soláthar sár-oideachas trí Ghaeilge dá scoláirí.

Bunaíodh Gaelcholáiste na Mara i 2007 agus osclaíodh an scoil don chéad uair, le triúr scoláire is fiche ag deireadh mhí Lúnasa na bliana sin. Ceannródaithe ab ea na scoláirí sin agus bhí an t-ádh ar an scoil gur buachaillí agus cailíní den scoth a bhí iontu a chuir tús le gach gné de shaol na scoile. Rinne na scoláirí sin scrúdú na hArdteistíreachta i mbliana agus d'éirigh go geal leo.

Bhí Coiste Gairmoideachais Chontae Chill Mhantáin mar phátrún ag an scoil ón tús agus thacaigh siad go mór leis an scoil thar na blianta. Anois, tá ré nua ann don oideachas in Éirinn agus is é Bord Oiliúna agus Oideachais Chill Dara agus Chill Mhantáin an Pátrún ó thus na bliana seo.

Tá raon leathan ábhair á múineadh sa scoil don Teastas Sóisearach agus don Ardteistíreachacht chomh maith le hidirbhliain roghnach, a bhfuil an-éileamh uirthi. Tá clú agus cáil bainte amach ag an scoil don spórt, do dhíospóireachtaí trí Ghaeilge agus trí Bhéarla agus don drámaíocht.

Is é mana Gaelcholáiste na Mara ná “Ar scáth a chéile a mhairimid.” Comhghairdeas do Ghaelcholáiste na Mara agus ádh mór don toidhcháí.

Grianghraf: Rang na hArdteiste.



Dea-thoradh do Choláiste Feirste

Dea-thoradh arís do dhaltai Choláiste Feirste a d'éirigh leo gráid os cionn an mheáin a bhaint amach arís i mbliana. Bhain formhór de dhaltai an choláiste ar a laghad an tagarmharc de 5 GCSE A* - C amach. Baineann Coláiste Feirste barr feabhais amach ag leibhéal GCSE agus tá an coláiste i measc na scoileanna ilchumasacha is fearr sna sé chontae. De réir an Irish News tá Coláiste Feirste suite sa 7ú háit i measc scoileanna ilchumasacha an tuaiscirt.

Mhol Mícheál Mac Giolla Ghunna, príomhoide na scoile, tacaíocht na dtuismitheoirí, “Is sár-éacht eile é seo dár scoil. Is léir go ndeachaigh an obair iontach a bhí á déanamh ag na daltaí agus foireann na scoile, gan trácht ar thacaíocht na dtuismitheoirí go mór i bhfeidhm ar bhaint amach na gcaílíochtaí; gráid mhaithe

a baineadh amach thar réimse leathan ábhar. Tá muid ag dúil le fáilte mór ar ais a chur roimh na ndaltai agus iad ag leanstan ar aghaidh le hoideachas trí mheán na Gaeilge.”

Maíonn Diarmaid Ua Bruadair, bainisteoir Eochaircáim 4, gur “fianaise í seo den chineál timpeallacht foghlama ar leith a chuireann an Gaeloideachas ar fáil. Tá sé ráite ag roinnt ollscoileanna fosta go bhfuil caighdeán ard muiníne agus scileanna cumarsáide ag daltaí Choláiste Feirste.”



Aonad Iar-bhunscoile Nua i nDún Dealgan

Ba mhór le GAELSCOILEANNA TEO. comhghairdeas ó chroí a dhéanamh le daltaí agus foireann Choláiste Lú, an tAonad Ián-Ghaeilge nua a d'oscail i nDún Dealgan i mbliana faoi stiúir Dheirdre Uí Liatháin.

Guímis gach rath orthu don todhchaí!

www.colaistelu.ie



Colaiste Lú

Nuacht na hEagraíochta

Scoileanna faoi phátrún an Easpag & an Painéal Ath-iomlonnaithe

Tá GAELSCOILEANNA TEO. i mbun cainteanna faoi láthair leis an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le cás na scoileanna Ián-Ghaeilge atá faoi phátrún an Easpag i dtaobh cur chuige an phainéil do cheapachán mhúinteoirí atá feiliúnach don chóras scolaíochta Ián-Ghaeilge. Tá dúshlán ollmhór ag scoileanna agus iad ag iarraidh ceapachán a chur i gcrích ar mhúinteoirí a bheidh in ann feidhmiú go hiomlán éifeachtach i suíomh Ián-Ghaeilge agus a léireoidh an cur chuige agus an meon ceart chun sainmheon teanga na scoileanna Ián-Ghaeilge a chosaint. Léiríonn an t-aiseolas atá faighte ó scoileanna an dúshlán ollmhór a bhaineann le múinteoirí atá feiliúnach don scoil Ián-Ghaeilge a aimsiú i dtaobh cumais agus meoin.

Tá an eagraíocht ag plé leis an Roinn faoi láthair faoi leasú ar an bhfoirm iarratais don phainéal a chuirfeadh ar mhúinteoirí tic a chur i mbosca chun a dtoilteanas múineadh i scoil Ián-Ghaeilge a léiriú. Céim bheag i dtreo córais níos infheidhmithe agus níos caoithiúla do na scoileanna í seo agus ní bheadh iachall ar mhúinteoirí teagasc i scoil in eadan a dtola, rud a bheadh fritorthúil do shainmheon teanga na scoileanna.

Tá tacaíocht faighte ag an eagraíocht ar an gceist seo ó gach ceann de na pátrúin agus ón CME.

Todhchaí GAELSCOILEANNA TEO & na n-eagras deonacha Gaeilge

Ar an 10 Iúil 2013 fógraíodh toradh an athbhreithnithe ar na heagraíochtaí atá á maoiniú ag Foras na Gaeilge, GAELSCOILEANNA TEO. ina measc. Ar an 1 Iúil 2014 beidh deireadh leis an gcóras reatha maoinithe, agus in áit 19 n-eagras ag fáil bunmhaoiniú, dáilfear an maoiniú ar 6 cheanneagraíocht a bheidh i gceannas ar 6 réimse nua agus de réir plan uile-oileánda a bheidh le n-aontú le Foras na Gaeilge agus ceannairí na gceanneagraíochtaí eile. Tá sé i gceist gur socrú fadtéarmach a bheidh i gceist a mhairfidh tamall fada de bhlianta, agus a bheidh solúbtha go leor le riar ar athruithe sna tosaíochtaí agus sna riachtanais le himeacht ama.

athbhliain agus beidh ar na heagraíochtaí a éiríonn lena n-iaratas an struchtúr eagraíochta agus an clár oibre a chur in oiriúint don réimse nua. Ní bheidh aon mhaoiniú ar fáil a thuilleadh ó Foras na Gaeilge d'eagraíochtaí nach éiríonn lena n-iaratas. Tá súil ag GAELSCOILEANNA TEO. go mbeidh rath lena iarratas ar an réimse *Gaeloideachas/Tumoideachas agus Réamhscolaíocht Ián-Ghaeilge* agus tá an eagraíocht i mbun comhchainteanna leis na páirtithe cuí eile i réimse na réamhscolaíochta chun leas na hearnála ina iomláine. Beidh athstruchtúrú na hearnála agus na heagraíochta ina ábhar plé ag an gCruinniú Chinn Bliana a bheidh ar siúl ar an 23 Samhain 2013.

Roghnófar na heagraíochtaí de réir próisis iarratais. Fógrófar na buaiteoirí go luath san




Cló Iar Chonnacht

Indreabhán, Co. na Gaillimhe

Teil: 091 593307 R-phost: eolas@cic.ie Suíomh idirlín: www.cic.ie

leabhair nua do dhéagóirí . . .



AN DIABHAL AR AN ÓL Micheál Ó Conghaile

Aoisghrúpa: 12+

Clúdach bog €8

Athinsint ar scéalta béaloidis ón gCian-Oirthear, iad lomlán le rithe agus banríonacha, daoine maithe agus drochdhaoine, leisceoirí, simpleoirí, druncaeirí agus déirceoirí. Bainfidh idir shean agus óg taitneamh as na scéalta seo.


ÉALÚ

Áine Uí Fhoghlú

Aoisghrúpa: 15+

Clúdach bog €8

Bean ghlantacháin óg as an bPolainn í Magda, í tagtha go hÉirinn ar thóir oibre agus ar thóir saol nua. Castar fear saibhir uirthi agus pósann siad gan mhoill. Teastaíonn óna fear go mbeidh an teach glanta ó bhun go barr gach lá, go mbeidh a dhinnéar ar an bpláta nuair a thagann sé isteach . . . Ní mar a shíltear bítear.



Áine Uí Fhoghlú

Tá catalóg iomlán ar www.cic.ie

Forbairt Ghairmiúil Scoileanna

Comhdháil CAER 2013

Reáchtáladh comhdháil CAER (Cumann Oideachais na Réigiún Eorpacha) i gCarmarthen i ndeisceart na Breataine Bige le déanaí. Tháinig suas le 100 duine le chéile ó cheantair éagsúla mionteangacha san Eoraip le plé a dhéanamh ar shaincheisteanna e a bhaineann le múineadh trí mhionteanga.

Le linn na Comhdhála léirigh an tOllamh Jim Cummins don slua nach bhfuil aon cheist faoin taighde maidir le buntáistí an dá/ilteangachas a thuilleadh, agus i measc na mbuntáistí dóibh siúd atá dátheangach/ ilteangach áirítear cumas:

- A n-aird a dhíriú ar rud agus seachrán a sheachaint (rialú feidhmiúcháin níos fearr).
- Tuiscint a bheith acu ar theanga agus conas mar a n-oibríonn sí (feasacht mheititheangeolaíoch)
- Bheith níos tapúla agus níos éifeachtaí ag foghlaim teangacha eile

Mhol sé do chleachtóirí fócas ar leith a bheith acu ar fhéiniúlacht an duine agus iad ag múineadh mionteanga, ar nós an Ghaeilge atá faoi bhagairt. Tá sé riachtanach go spreagfaí an dalta le húinéireacht a ghlacadh ar an dteanga agus go gcuireadh sé é lena fhéiniúlacht féin.

Tugadh léargas don chomhdháil ar fhás na scoilíochta lán-Breatnaise, áit a bhfuil 24% de

dhaltaí bunscoile ag fáil a gcuid scolaíochta trí mheán na Breatnaise, agus go bhfuil an céatadán céanna ag fáil ar a laghad roinnt dá n-oideachas iarbhunscolaíochta trí mheán na Breatnaise. Le sin a chur i gcomparáid le hÉire, tá thart ar 8% de dhaltai na mbunscoileanna agus 3% de dhaltai na n-iarbhunscoileanna ag fáil a gcuid oideachais trí mheán na Gaeilge.

I measc eolais eile a roinneadh, sonraíodh go bhfuil an chuid is mó de dhaltai óga sa Phobal Féin-rialaithe Bascach ag tosú a bhfoghlaim ar scoil trí Bhascais anois. Tá an rialtas áitiúil tar éis margaíocht a dhéanamh ar bhuntáistí an ilteangachais (tá plean trí-theangach á chur i bhfeidhm acu ina scoileanna ag gach leibhéal anois) agus ar na mBascais le blianta anuas agus laistigh de 30 bliain nó mar sin tá an fás ollmhór seo tagtha ar an múineadh trí Bhascais sa chóras oideachais. De réir tuairim an phobail sin is léir go bhfuil Bascais mar ghnáth theanga i measc na n-óg anois seachas Spáinnis.

Léirigh fiúntas na comhdhála an tábhacht a bhaineann le pobail mhionteangacha a bheith ag foghlaim óna chéile. Spreagtar misneach go bhfuil suíomhanna eile ann comhchosúil le suíomh na Gaeilge, agus cuireann sé ár ndúshlán i gcomhthéacs níos leithne. Tá sé i gceist go mbeidh comhdháil CAER in Alba i 2014, agus beidh fáilte roimh chách.

Cláraigh don tseirbhís nuachta le ríomhphost laethúil a fháil:
www.gaelscoileanna.ie

An bhfuil acmhainní ranga le roinnt agat le múinteoiri eile? Tá rannóg do mhúinteoiri ar an suíomh gréasáin agus ba mhór againn cloisteáil uait.

Seol ríomhphost chuig
oifig@gaelscoileanna.ie

Forbairt Ghairmiúil Scoileanna

Comhdháil uile-Éireann ar Fhorbairt na Ceannasaíochta sa Scoil Lán-Ghaeilge

Ar an 9 agus 10 Deireadh Fómhair 2013 reáchtáladh ócáid oiliúna uathúil do bhunscoileanna lán-Ghaeilge ón 32 contae, uair a chuir an an **Coiste Seasta Thuaidh Theas ar an nGaeleideachas** comhdháil 2 lá ar siúl ar **Fhorbairt na Ceannasaíochta sa Scoil Lán-Ghaeilge**. D'éirigh thar cionn leis an gcomhdháil, a dhírigh go huile is go hiomlán ar riachtanais foirne na ceannasaíochta sna scoileanna lán-Ghaeilge.

I measc an breis agus 100 rannpháirtí, bhí príomhoidí agus leas-phríomhoidí ó scoileanna sa deisceart, sa Ghaeltacht agus sa Tuaisceart, a chuir go fonnmhar agus bríomhair leis na seisiún oiliúna agus imeachtaí na comhdála. Deimhníonn an t-aiseolas an riachtanas a bhain leis an gcomhdháil i bhfianaise bearna d'oiliúint ar leith a bheith ann a dhíríonn ar shainriachtanais na scoileanna lán-Ghaeilge. Deimhníonn rath na comhdhála an fonn foghlama agus fonn forbairt ghairmiúil atá ag ceannasaithe na scoileanna lán-Ghaeilge.

D'aithin an Chomhdháil an iliomad dúshláin bhreise a bhronntar ar cheannasaithe sna scoileanna lán-Ghaeilge agus iad ag forbairt institiúid foghlama agus teagaisc ar ardchaighdeán trí mheán na Gaeilge. Pléadh an brú millteanach a bhaineann leis na ról sin ar fad anuas ar an sprioc inmhianaithe pobal

agus timpeallacht láidir Ghaeilge a chruthú agus a chothú.

Gabhann an Coiste buíochas mór ó chroí leis na rannpháirtithe uile agus leis na hoiliúnóirí as a dtóilteanas a gcuid saineolais a roinnt agus an malartú saineolais agus dea-chleachtais uile-Éireann a éascú. Déanfar imeachtaí na comhdhála a fhoilsiú laistigh de cúpla seachtain chun go mbeidh sé ar fáil don phobal níos leithne mar áis tacaíochta agus scaipfear go forleathan é.

Táimid an-bhuíoch de na hionadaithe ón dá Roinn Oideachais a chuir go gníomhach le clár na comhdhála agus a léirigh tuiscint agus tiomantas do na tacaíochtaí atá de dhíth ar cheannasaithe na scoileanna lán-Ghaeilge. Aithníonn an Coiste Seasta Thuaidh Theas ar an nGaeleideachas an riachtanas a bhaineann le tacaíocht iomchuí don iliomad dúshláin a deimhníodh le linn na comhdhála, agus déanfar an téama a choinneáil beo ar chlár oibre an Choiste amach anseo. Ba mhór againn aiseolas a fháil ar fhiúntas na comhdhála ag freastal ar na riachtanais oiliúna is mó atá ag ceannasaithe, agus d'fháilteimis roimh aiseolas chuig blathnaid@gaelscoileanna.ie (Cathaoirleach an Choiste).

Gabhann an Coiste buíochas le Foras na Gaeilge as an maoiniú a chur ar fáil don Chomhdháil.

Comhdháil Idirnáisiúnta ar an Luath-Thumoideachas

D'eagraigh Altram comhdháil idirnáisiúnta an-rathúil ar an 25-27 Meán Fómhair i nDoire. Idir na cainteoirí bhí an Dochtúir Antonella Sorace ó Ollscoil Dhún Éideann, a phléigh leis an gceist 'Cad chuige a bhfuil an dátheangachas tábhachtach?'

Labhair an Dochtúir Piet Van de Craén ó Vrije Universiteit, an Bhruiséil, ar an téama 'Dátheangachas luath agus an tAontas Eorpach'. Labhair Aodán Mac Póilin (Iontaobhas Ultach) ar an Ghaeilge sa Tuaisceart, agus thug Áine Andrews ó Altram léacht ar 'Oideachas Gaeilge na luathbhlianta

i dTuaisceart Éireann idir bhuananna agus dhúshláin'.

Cuireadh an t-eagras réamhscolaíochta Altram ar bun sa bhliain 1990 le tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh oideachais luathbhlianta lán-Ghaeilge.



Gailearaí



Tá an-áthas orainn an fhoirgneamh bhreá mhór seo a ghlacadh ar son na foirne Gaelscoil Phortlaoise. Cé go rabhamar ar liosta feithimh ar feadh cúig bhliain déag agus sinn ag treabhadh ó bhliain go bliain, ó chlubtheach go seomra réamhdhéanta, i ndeireadh na dála tháinig ár lá. Is mór an onóir dúinn mar chomhphobal Gaelach ár suíomh féin a bheith againn. Agus nach álainn an radharc é. Struchtúir 16 seomra ranga le neart seomraí tacaíochta foghlama, stórais, leabharlann agus halla galánta. Is fiú dúinn aitheantas a thabhairt do na hiascoláirí, na hiarthuismitheoirí agus na hiarbhaill foirne a chuir an bhunobair isteach fadó fadó go bhféadfaimís ár n-aisling féin a bhaint amach lá éigin. Ní bheidh a leithéid ann arís. Níl aon tinteán mar do thinteán féin! - *Dominic Ó Braonáin, Príomhoide Ghaelscoil Phort Laoise.*



Lá "Dearg & Bán" ar siúl i nGaelcholáiste Daibhéid, Corcaigh

Gailearaí




Gaelscoil Aonach Urmhumhan, Tiobraid Árann



Buaiteoirí Comórtas Ealaíne Texaco:

Ar chlé, Elena
Hennessy, Scoil
Iognáid, aois 5.

Ar dheis, Milo Feehan,
Gaelscoil Eoghain Uí
Thuairisc, aois 9



Ar chlé, Áine O' Neill,
Coláiste Pobal Osraí,
aois 13.

Ar dheis, Tara Van
Gent, Coláiste Naomh
Feichín, aois 13



Scléip 2014



Tá áthas orainn comórtas tallainne *Scléip 2014* a fhógairt, a bheidh ag tógáil ar chomórtas an-rathúil anuraidh. Chuaigh breis agus 500 daltaí cróga ar stáitse os comhair na moltóirí, bhí siad le cloisteáil sa sraith cláir craolta ar Raidió na Gaeltachta agus fuaireadar ard-

mholadh ó bhail Kila, a bhí mar mholtóirí ar an gCraobh Ceannais.

Tá *Scléip* dírithe go sonrach ar na hiarbhunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. Bíonn sé spreagúil, spráilúil agus sultmhar, do na daltaí agus dá múinteoirí. Cuireann an comórtas ana-bhéim ar chruthaitheacht, cumadóireacht agus na healaíon nuaimseartha. Tá rialacha an chomórtais agus an fhoirm iontrála ar fáil ar

<http://www.gaelscoileanna.ie/scleip/foirm/> agus má tá deacracht agat teacht ar an eolas ar an suíomh nó má tá aon cheist agat i leith an chomórtais, tá míle fáilte romhat glaoch a chur ar Clare ar 01 8535193.

Beidh deis ag ionadaithe ó gach scoil dul san iomaíocht sna réamhbhabhtaí, agus gheobhaidh buaiteoirí na mbabhtaí sin cuireadh chun na craoibhe. Beidh na réamhbhabhtaí ar siúl go luath i mí Feabhra agus tá súil againn an craobh a chur ar siúl ag deireadh mí Márta.

Tá súil againn go mbeidh oiread de na scoileanna linn agus gur féidir i mblíana, agus go dtabharfaidh an comórtas spreagadh agus dúshlán do na daltaí, agus dá múinteoirí leis! Tá tréan ama ann go fóill roimh an spriocdháta d'iontrálacha ach is fiú na daltaí a chur ag smaoineamh air a luaithe agus is féidir le go mbeidh deis cleachtadh acu. Is féidir éisteacht siar le *Scléip 2013* ar shuíomh Raidió na Gaeltachta (<http://www.rte.ie/rnag/scleip/>).

Clubanna Óige Chumann na bhFiann

Tá na Clubanna Óige oscailte ag Cumann na bhFiann arís ar fud na tíre! Tá liosta iomlán le híoslódáil ó www.colaistenabhfiann.ie.

Tá fáilte i gcónaí roimh dhaltaí na scoileanna lán-Ghaeilge (ranganna 4-6 na bunscoileanna

agus daltaí iarbhunleibhéil) freastal ar na Clubanna seo.

Tugann sé deis dóibh an Ghaeilge a úsáid ar bhonn sóisialta taobh amuigh d'am scoile, gníomh a chuireann go mór le hábharthacht na teanga i saol an pháiste.

Fáthanna maithe freastal ar Chumann na bhFiann:

- Ardchaitheamh maoirseachta
- Clubanna eagraithe i dtimpeallacht shábháilte
- Réimse leathan d'imeachtaí
- Foireann dhícheallach le taithí agus tiomanta dár gcuid daltaí
- Córas Cinnreachta a spreagann daltaí freagrachtaí a ghlacadh
- Deis a fháil Gaeilge a labhairt go minic
- Os cionn 60 club timpeall na tíre
- Deis do dhaltaí teagmháil a choinneáil le cairde nua ó chúrsaí Samhraidh de chuid Choláiste na bhFiann.





SAOTHAR DALTAÍ IAR-BHUNSCOILE

€2
an chóip

SCRÍBHNEOIRÍ ÓGA CUMASACHA NA TÍRE!
TÁIMID AG LORG...

- GEARRSCÉALTA
- FILÍOCHT
- AILT
- CARTÚIN
- GRIANGHRAIF
- LÚIBÍNÍ



Virtual Classroom Teoranta

www.virtualclassroom.ie

Ríomhphost: info@virtualclassroom.ie Teil: +353 86 3371360

Seo chugaibh suíomh spreagúil nua feadóg stáin

www.feadogonline.com

Oiriúnach le húsáid ar chlár bán idirghníomhach



- Cuidíonn le múinteoirí an fheadóg stáin a mhúineadh (beag beann ar chumas ceoil)
- Ceachtanna roinnte i dtrí chúrsa (oiriúnach do rang 1 go rang 6 nó do ranganna ceoil don Teastas Sóisearach, nó san Idirbhliain)
- Soláthraíonn plean praiticiúil do sheimn an cheoil sa scoil

- Cliathnodaireacht agus litreacha ar fáil i ngach ceacht
- I ngach ceacht: fuaimrian feadóige, fuaimrian de thionlacan pianó; gearrthóg físe

Tabhair cuairt ar ár suíomh le rang samplach a fheiceáil nó déan teagmháil linn ag an uimhir thuas nó cuir ríomhphost chugainn le triail 21 lá saor in aisce a eagrú

Nuacht na hEarnála Oideachais

Cabhraigh linn teacht ar an 1% de mhúinteoirí nach bhfuil cláraithe leis an gComhairle Múinteoireachta roimh an 1 Samhain

Fógra tábhachtach ón gComhairle: Tá sé de dhualgas ar mhúinteoirí bheith cláraithe faoin dáta seo i dtreo is go leanfaidh siad ar aghaidh ag fáil tuarastal dá gcuid oibre i scoileanna na tíre. An dá ghrúpa gur gá dóibh bheith airdeallach ná:

1. **Múinteoirí nach raibh cláraithe riamh** leis an gComhairle Múinteoireachta.
2. Múinteoirí a bhí/ atá cláraithe leis an gComhairle ach go bhfuil (nó go mbeidh) **a gclárúcháin imithe as feidhm** faoin 1 Samhain 2013.

Meastar go bhfuil tuairim is 1,000 múinteoir as suas le 86,000 múinteoir nach bhfuil cláraithe agus iarrann GAELSCOILEANNA TEO. ar bhainistíocht na scoile seiceáil le **gach múinteoir (múinteoirí nach bhfuil sa scoil don bhliain san áireamh)** go bhfuil siad cláraithe (**agus nach bhfuil a clárúcháin le dul as feidhm go luath**). Ón gcéad lá Samhain 2013 mura bhfuil múinteoir cláraithe leis an gComhairle ní gheobhaidh siad a dtuarastal.

Treoirphointí:

- Cinntigh go bhfuil seoladh baile ag an gComhairle duit seachas seoladh na scoile – bíonn an scoil dúnta ar feadh tréimhse fada le linn an tsamhraidh ach go háirithe (agus go minic ní féidir postas a fhágáil isteach iontu) agus d'fhéadfadh go mbeadh an Comhairle ag iarraidh teagmháil a dhéanamh leat faoi do chlárúcháin a athnuachan.
- Cinntigh go bhfuil do sheoladh ríomhphoist agus d'uimhir gutháin póca ag an gComhairle – bainfidh siad triall as na modhanna seo mura thagann aon cháipéisíocht ar ais ón múinteoir.
- I roinnt cásanna má tharlaíonn nach bhfuil tú cláraithe cé gur chuir tú iarratas isteach chuig an gComhairle níos mó ná mí ó shin, seiceáil an bhfuil litir a tháinig ar ais ón gComhairle (tá seans ann go m'fhéidir go bhfuil siad ag lorg cáipéise nó eolas breise).



An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

Nuacht ó COGG

• Lá oiliúna luath léitheoireachta 21.11.13
Ostán Johnwood House (ionad Chomhdháil GAELSCOILEANNA)
Á eagrú ag COGG
Á chur i láthair ag an Áisaonad.
eolas@cogg.ie

• Réidh, Socair, Déan
Clár don uimhearthacht
€20 ó www.udar.ie

• Seiteanna leabhairíní 'Túsphuaimheanna'
Ar fáil saor in aisce ó COGG
eolas@cogg.ie

• Físeáin eolaíochta do Rang 5/6 & Bliain 1
Nasc faoi nuacht ar www.cogg.ie

• Á toi
Áis chluastuisceana d'iarbhunscoileanna
Ar fáil go luath ar www.cogg.ie

• Tíreolaíocht na hArdteiste
An Domhan Inniu
Roghanna ar fáil mar eLeabhair ó EDCO

• Leabhairíní na naíonán
Éist agus léigh ar www.gaeilge.ie/angum

• Áiseanna iontacha idirghníomhacha ar fáil ar
www.ccea.org.uk
www.nicurriculum.org.uk/irish_medium

• Ealaín na hArdteiste
Ar fáil go luath ar www.gaeilge.ie/angum

Gaelscoileanna i réim ag Féilte Peile Gael Linn!

Comhghairdeas leis na Gaelscoileanna a bhuaigh Féilte Peile Gael Linn i ngach Cúige i mbliana! Reáchtáladh na féilte i rith míonna na Bealtaine agus an Mheithimh, uair a bhí an ghrian ag scoilt na gcloch, rud a chur go mór leis na hócáidí!

Tá na féilte peile ar bun le breis agus 13 bliana anois agus iad lonnaithe i gceantair éagsúla Gaeltachta chuile bhliain. I mbliana den chéad uair riamh bhí ceann de na féilte lonnaithe i Lios Póil, Co. Chiarraí agus bhí an pobal áitiúil ar fad bainteach leis agus an-bhuíoch gur thoiligh Gael Linn dul ann. Eagraíodh cúig fhéile ar fad i Ros Muc, Lios Póil, Ráth Chairn, An Fálcarrach agus sa Rinn le linn Bealtaine/Meitheamh.

Bhí ocht bhfoireann páirteach i ngach fhéile, c. 150 páiste ar fad, ach roimh formhór na bhféilte, bhí gá le réamhbhabhtai cáilithe mar go raibh i bhfad níos mó scoileanna ag iarraidh bheith páirteach ná na hocht gcinn go bhféadfaimis glacadh leo.

Bhí an-chraic ag na scoláirí istoíche ag an quiz boird, ceolchoirm agus céilí a eagraíodh dóibh. Bhí aimsir aoibhinn ann i mbliana agus bhain na daoine óga ar fad an-sult as an bpeil agus as na himeachtaí sóisialta, go háirithe iad sin a bhí ag fanacht as baile thar oíche.

Is iad seo a leanas na foirne a bhuaigh ag na féilte éagsúla;

- Lios Póil, Co. Chiarraí: Gaelscoil Aogáin, Oileán Chiarraí
- An Rinn, Co. Phort Láirge: Scoil na nÓg, Gleann Maghair, Corcaigh
- Ros Muc, Conamara: Gaelscoil na Cruaiche, Cathair na Mart
- An Fálcarrach, Co. Dhún na nGall: Bunscoil Phobail Feirste, Béal Feirste
- Ráth Chairn, Co. na Mí: Gaelscoil an Mhuilinn, An Muileann gCearr




Sraith Leabhar Nua

Mata go Deo!


Florence Gavin

Sraith chun tógáil ar an bhfoghlaim matamaitice a dhéantar sa seomra ranga agus chun na daltaí a dhéanamh níos muiníní. Bíonn tuiscint, cruinneas agus luas riachtanach don dul chun cinn sa mhatamatic.


€7.50 an leabhar




Mata go Deo! Naíonáin Sóisir
ISBN 978-1-85791-819-9




Mata go Deo! Naíonáin Sínsir
ISBN 978-1-85791-820-5




Mata go Deo! Rang 1
ISBN 978-1-85791-807-6




Mata go Deo! Rang 2
ISBN 978-1-85791-756-7




Mata go Deo! Rang 3
ISBN 978-1-85791-757-4



Mata go Deo! Rang 4
ISBN 978-1-85791-758-1



Mata go Deo! Rang 5
ISBN 978-1-85791-783-3



Mata go Deo! Rang 6
ISBN 978-1-85791-794-9

Is féidir foilseacháin an Ghúim a cheannach i siopaí leabhar nó a ordú uathu seo:

An Siopa Leabhar (01) 478 3814
siopa@cnag.ie

An Ceathrú Póillí
leabhair@an4poilli.com

Oideas Gael
www.siopagaellie.ie

 AN GÚM

Acmhainní

An-Tóir ar Gharchabhair don Óige

Le tús na scoilbhliana nua tá méadú mór tagtha ar líon na nGaelscoileanna ar fud na hÉireann a bhfuil an clár móréilimh 'Garchabhair don Óige' á chur i bhfeidhm iontu.

Tá an clár oideachasúil móréilimh, arb é STAC soláthraí Garchabhrach ceannasach in Éirinn a dhéanann é a dháileadh go heisiach, dírithe ar chlár d'oiliúint bhunúsach sa Gharchabhair, clár ar féidir a chuimsiú isteach sa churaclam, a sheachadadh do leanaí scoile mar chuid dá ngnáthamh laethúil sa seomra ranga. Is féidir an cúrsa uathúil a shníomh isteach go héasca sa phlean ceachta le haghaidh cuid mhór ábhar agus tá sé lán de chluichí agus thograí idirghníomhacha a chuireann oideachas ar leanaí faoi na scileanna garchabhrach lárnacha, rud a thabharfaidh scileanna dóibh chun déileáil le himeacht laethúil thipiciúil nó le héigeandáil.

Tá an clár inacmhainne seo á rith in os cionn 40 scoile ar fud na tíre agus bíonn an-éileamh air i measc tuismitheoirí agus múinteoirí araon mar gheall ar a chur chuige leanbh-lárnach. Tá an méid seo le rá ag Séamus Sinnott, Bunaitheoir Thionscadal FAY: 'Tháinig an clár seo chun cinn tar éis na mílte uair an chloig a chaitheamh i mbun oiliúna, i mbun na dea-

chleachtais idirnáisiúnta san oiliúint Gharchabhrach a thógáil le chéile agus a chur in iúl i dteanga a bheadh éasca le tuiscint do leanaí. D'fhorbraíomar na ceachtanna le cúnaimh ó mhúinteoir gairmiúil agus tá sé cruthaithe againn go n-éiríonn leis i roinnt staideanna réadúla a mbíonn baint ag leanaí leo'.

Gné lárnach den chlár ná gur féidir é a cheangal go nádúrtha le ceachtanna i go leor réimsí den churaclam. Tá sé éasca do mhúinteoirí gach modúl FAY a sheachadadh laistigh de go leor ábhar, gan ghá ullmhú roimh ré ná socrúithe speisialta a dhéanamh. Toisc go bhfuil sé éasca le húsáid tá fás mór tagtha ar FAY ar fud institiúidí oideachasúla in Éirinn. Le haghaidh tuilleadh eolais féach www.firstaidforyouths.ie.

Grianghraf: Gaelscoil de hÍde, Gaillimh ag glacadh le clár FAY.



Cúrsaí lascaireachta do Dhaltaí & Leabhar Nua Dátheangach



Is eagraíocht uile-Éireann, dheonach, neamhbhrabúis é **RAI** a bhunaigh slataiscairí na tíre deich mbliain ó shin faoi choimirce

chomh maith le meas ar an dtimpeallacht a spreagadh. De ghnáth bíonn suas le fiche duine i ngach ngrúpa. Tá coitseálaithe cáilithe i bheighil na gcúrsaí seo (cuid acu ina n-iar-mhúinteoirí)

An Chomhairle Spóirt agus An Príomh Bhord lascaigh.

S'í príomh aidhm na heagraíochta ná daoine óga a chur ar an eolas faoi shliatascaireacht.

Glacaimid le grúpaí dhaoine óga (idir cailíní agus buachaillí atá idir 8 mbliana agus 18 mbliana) agus múinimid dóibh conas slat iascach a láimhseáil agus gach a théann leis

Aon scoil ar mhaith léi bheith páirteach i gcúrsa mar seo, fáiltítear roimh theagmháil le Patrick F Byrne, Hon. Secretary, Recreational Angling Ireland: Ríomhphost: pfbyrne5@gmail.com.

Chomh maith, tá leabhrán dátheangach foilsithe againn le déanaí d'ár teideal Eolas ar Éisc (Fish Facts) (leis an Ollamh Peter Wilson). Tá seo ar fáil do na scoileanna ar leath-phraghas: €5 an ceann nó 10 gcinn ar €40 ag an seoladh thuas.

Teastas Eorpach na Gaeilge

Ar mhaith leat tuilleadh staidéir a dhéanamh ar an nGaeilge agus cáilíocht bhreise a bhaint amach?

Ar mhaith leat barr feabhais a chur ar do chuid scileanna teanga mar chuid den fhorbairt ghairmiúil?

- Cáilíochtaí sa Ghaeilge d'fhoghlaimoirí fásta ag bonnleibhéal, meánleibhéal agus ardleibhéal
- Páirtchreidiúint (scrúdú cainte amháin) ar fáil ag gach leibhéal
- Ionaid scrúdaithe ar fud na tíre



Tuilleadh eolais ar

www.teg.ie

Tel: 01 7083737 | 01 7086417

Freastal ar mhúinteoirí agus cur chun cinn an oideachais

Feachtas maidir le infheistíocht san oideachas

Cur chun cinn agus cosaint leas na múinteoirí

Cúnamh le seirbhísí poiblí a chosaint



Acmhainní

Acmhainní Oideachais & Cluichí Idirghníomhacha don Seomra Ranga ar Fáil Saor in Aisce ag www.logainm.ie

Leagtar amach sa bhileog eolais dhátheangach treoracha maidir le hacmhainní oideachais agus cluichí idirghníomhacha ag an nasc <http://logainm.ie/scoil/?uiLang=ga>.

Tá na hacmhainní seo dírithe ar leibhéal na bunscoile, na hiar-bhunscoile agus an tríú leibhéal ach is féidir leas a bhaint astu ag leibhéal eile freisin, mar shampla ranganna

Gaeilge do dhaoine fásta mar aon le déagóirí.

Má tá tuilleadh eolais faoi na hacmhainní seo uait, déan teagmháil linn ag logainm@dcu.ie nó ar (01) 700 6577.



Ionad Nua Ranganna Gaeilge do thuismitheoirí i nGaoth Dobhair

Seoladh suíomh nua, Teach an Mháistir www.themastershouse.ie Dé Sathairn an 14ú Meán Fómhair, áit a chuirfear cúrsaí bhunúsacha Gaeilge ar fáil do thuismitheoirí a bhfuil a gcuid páistí ag freastal ar Ghaelscoileanna agus ar mian leo a bheith in ann coinneáil suas le cumas na bpáistí. Freastalaítear ar spriocghrúpaí eile freisin.

Bá é an tOllamh Dónall P. Ó Baoill Coláiste na Banríona agus Míin an Chladaigh a sheol an tsuímh, agus labhair Bríd Rodgers Iar-Aire comhdháil Stormont ar na cuimhní a bhí aici ón am a chónaigh sí féin sa teach nuair a bhí sí ag freastal ar scoil Mhín an Chladaigh faoi

stiúir an Mháistir Sean Mac Fhionnaile. Labhair Seán MacCionnaith ar fhás agus forbairt na nGaelscoileanna sna 6 Chontae.

Chuir Cliona Ní Ghallchóir agus Cathal Ó Curráin buaiteoirí ag Fleadh Ceoil na hÉireann agus Bernard Toland seisiún ceoil ar fáil don scaifte mór a bhí i láthair.

Is í Sorcha Ní Ghallchóir, cainteoir dúchais as Gaoth Dobhair atá i gceannas ar na cúrsaí. Is féidir teagmháil a dhéanamh le Teach an Mháistir ag: info@themastershouse.ie nó ag 0858442684/0857607855



Máire Nic Niallais, Siún Nic Niallais, Sorcha Ní Ghallachóir (múinteoir) Bríd Nic Ruairí (Iar-Aire de chomhdháil Stormont, Dónall P. Ó Baoill, Ollamh Ollscoil na Banríona, Antoin Delap

Turais do scoileanna SAOR IN AISCE!



Is ionad nua, oideachasúil é Ionad Cuairteoirí Uiscebhealaí Éireann atá suite ar Ché na Canálach Móire i lár Bhaile Átha Cliath. Níl aon chostas ag baint le turais do scoileanna agus maireann gach turas 60 go 90 nóiméad. Cuirimid turais ar fáil trí Ghaeilge.

Cuirimid Pacáiste Oideachais chuig an múinteoir roimh an turais, rud a thugann seans don mhúinteoir ceachtanna bunaithe ar an ábhar a dhéanamh roimh ré. Tá nasc láidir ann idir an turas agus an curaclam mar gheall ar

Eolaíocht, Stair, Mata agus Tíreolaíocht ach go háirithe.

Foghlamaíonn daltaí ar chuairt faoi stair na n-uiscebhealaí agus an nasc atá acu le cursaí taistil, turasóireachta agus siamsaíochta. Bíonn an deis ag daltaí báirse a thiomáint, tráth na gceist idirghníomhach a dhéanamh agus blas a fháil den saol ar na báid.

Oireann ár n-ionad do ghrúpaí faoi 30 duine agus is féidir ár dturas a chur le turas scoile eile atá beartaithe agat roimh ré.

Ar Oscailt: Dé Céadaoin – Dé Domhnaigh
10.00 go 18.00

Tuilleadh eolais:

www.waterwaysirelandvisitorcentre.org

Cormac / Mairéad 01-6777510

Anseo – aip nua le gréasán Gaeilge a chruthú ar líne

Tá feidhmchlár nua á fhorbairt ag Diaga Teo. i láthair na huair a d'fhéadfadh a bheith an-úsáideach do na scoileanna lán-Ghaeilge, www.anseoapp.com. Beidh an clár saor in aisce le híoslódáil, ar fáil ar fhóin póca agus ar líne chomh maith.

Is féidir le scoileanna, eagraíochtaí a chuireann seirbhísí i nGaeilge ar fáil agus daoine aonair le líofacht nó suim acu sa teanga clárú leis an aip agus cruthaítear léarscáil uaidh sin, rud a bheadh áisiúil do na scoileanna lán-Ghaeilge agus pobal na scoile a úsáid agus a fhorbairt. Ciallaíonn sé go mbeidh an scoil feiceálach agus go mbeidh sé éasca d'úsáideoirí eile teagmháil a dhéanamh leis an scoil.

Níl aon chostas ar chlárlú, ní gá ach foirm chlárlúcháin a chomhlánú ar www.anseoapp.com le go mbeidh an scoil san áireamh. Tá gné shóisialta ag baint leis an aip sa chaoi is gur féidir teacht ar imeachtaí Gaeilge ar nós ranganna Gaeilge, ceolchoirmeacha, clubanna cultúrtha agus neart eile ar an léarscáil idirghníomhach.

Athlonnú COGG

Tá an Chomhairle um Oideachais Gaeltachta agus Gaelscolaíochta lonnaithe anois sa bhfoirgneamh céanna leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnaithe, 25 Cearnóg Mhic Liam, BÁC 2.

Gíonn GAELSCOILEANNA TEO. gach rath ar COGG, agus ar son na hearnála, éilítear go bhfanfaidh COGG ina Chomhairle neamhspleách chun a cuid cúraimí reachtúla a chur i gcrích. Is mian leis na scoileanna nua buíochas a ghabháil le foireann COGG as an tacaíocht agus cúnaimh agus iad ag tosú amach agus ag forbairt a gcuid acmhainní. Tá sonraí teagmhála uile COGG mar a bhí, seachas seoladh na hoifige.

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta

